Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2020**
**(OR. en, de)**

**14168/20**
**ADD 1**

**ENV 821**
**FIN 972**
**AGRI 483**
**PESTICIDE 51**
**PHYTOSAN 34**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13677/2020 + ADD1 REV1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Protection of wild pollinators in the EU: Commission initiatives have not borne fruit [Pailneoirí Fiáine san Aontas a chosaint: gan aon toradh ar thionscnaimh an Choimisiúin]<br>– Conclúidí ón gComhairle<br>= Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis, seo ráiteas ón Ostair, lena dtacaíonn Lucsamburg, maidir leis na Conclúidí ón gComhairle a d'fhormheas an Chomhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020.

Cuirfear an ráiteas i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS ÓN OSTAIR

Tá an Ostair buíoch den Uachtaránacht as a cuid iarrachtaí conclúidí atá chomh cothrom agus is féidir a dhréachtú.

Is cúis aiféala don Ostair, áfach, an méid a scriosadh i míreanna 2 agus 9 mar gur sáraíodh nós imeachta an tosta.

I mír 2, scriosadh liosta na gcúiseanna a bhí leis an meath a tháinig ar líon na bpailneoirí. Is é barúil na hOstaire go mbeadh an ráiteas sa mhír seo i bhfad ní ba shoiléire dá léireofaí – más i bhfonóta féin é – na cúiseanna atá aitheanta ag an Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais.

I mír 9, scriosadh an tagairt do tháscaire pailneora sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) nua. Is oth linn go mór an scriosadh sin de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an gComhbheartas Talmhaíochta maidir le héagsúlacht phailneoirí a choinneáil.

Mar sin féin, de mheon an chomhréitigh, formhuiníonn an Ostair an dréacht seo.